C/2025/6442

1.12.2025

Foilsiú na teachtaireachta maidir le leasú caighdeánach formheasta ar shonraíocht táirge le haghaidh tásc geografach i gcomhréir le hAirteagal 5(4) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún [1]

(C/2025/6442)

TEACHTAIREACHT MAIDIR LE FORMHEAS AR LEASÚ CAIGHDEÁNACH

(Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2024/1143)

'Salame Cremona'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0265-AM01 - 15.9.2025

1. **Ainm an táirge**

'Salame Cremona'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Earnáil**

☑ Táirgí talmhaíochta

☐ Fíonta

☐ Deochanna biotáilleacha

4. **Tír ar léi an limistéar geografach**

An Iodáil

5. **Údarás an Bhallstáit a bhfuil an leasú caighdeánach á chur in iúl aige**

Ainm

An Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta - An Roinn Biafhlaithis agus Eachaíochta - Oifig PQA 1

6. **Incháilitheacht mar leasú caighdeánach**

Na leasuithe ar an tsonraíocht táirge le haghaidh TGFC Salame Cremona:

— níl i gceist leo athrú ar ainm an ainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar ainm an táisc gheografaigh faoi chosaint, ná ar úsáid an ainm sin; agus

— níl baol ann dá mbarr go ndéanfar neamhniú ar an nasc dá dtagraítear in Airteagal 46(1), pointe (b), i dtaca le hainmniúcháin tionscnaimh faoi chosaint ná ar an nasc dá dtagraítear in Airteagal 46(2), pointe (b), i dtaca le tásca geografacha faoi chosaint; agus

— níl srianta breise ar mhargú an táirge i gceist leo.

[1] Rialachán Tarmligthe (AE) 2025/27 ón gCoimisiún an 30 Deireadh Fómhair 2024 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2024/1143 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le rialacha a bhaineann le tásca geografacha, sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht agus téarmaí roghnacha cáilíochta a chlárú agus a chosaint agus lena n-aisghairtear Rialachán Tarmligthe (AE) Uimh. 664/2014 (IO L, 2025/27, 15.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2025/27/oj).

7. **Tuairisc ar an leasú caighdeánach (nó ar na leasuithe caighdeánacha) formheasta**

Teideal

Leasú ar Airteagal 4

Cur síos

Leasú 1

Baineann an leasú le hAirteagal 4 den tsonraíocht agus le pointe 4.4 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Athraítear leis an leasú an fhoráil maidir le cruthúnas tionscnaimh, lena sonraítear gur gá faireachán a dhéanamh ar na páirtithe uile i slabhra táirgeachta TGFC agus iad a chur faoi rialú an chomhlachta rialúcháin chun a áirithiú go bhfuil an táirge a bhfuil a ainm cláraithe inaimsithe agus inrianaithe.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir leis na ceanglais faoi reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 2

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sonraítear tionscnamh géiniteach an amhábhair, lena léirítear gach teaglaim ghéiniteach fhéideartha a nglactar leo le haghaidh ainmhithe pórúcháin fireanna agus baineanna araon.

Cúis: Leis an leasú, soiléirítear na teaglamaí ceadaithe crosphórtha. Tá sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar phór agus ar chineál géiniteach an dá ainmhí pórúcháin chun saintréithe muc trom a choinneáil ar bun, go háirithe a mhéid a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar chomhoiriúnacht leis na trí phór tagartha i Leabhar Tréada na hIodáile atá beartaithe do tháirgeadh muc trom.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 3

Airteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; leasú ar bith ar an doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tábla ina mínítear na ceanglais ghéiniteacha le haghaidh muc agus na teaglamaí ceadaithe agus neamhcheadaithe.

Cúis: Le an tábla a chur isteach, soláthraítear níos mó soiléireachta maidir leis an sainmhíniú ar na teaglamaí sin de chrosáil ghéiniteach amháin a d'fhéadfadh a bheith ann.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 4

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear isteach tagairt don liosta de chineálacha géiniteacha atá formheasta ag an Aireacht Talmhaíochta, Biafhlaithis agus Foraoiseachta.

Cúis: Leis an tagairt don liosta agus dá nuashonrú, is féidir faireachán níos fearr a dhéanamh ar an slabhra táirgí.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 5

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear deireadh leis an toirmeasc sainráite ar ainmhithe folaíochta de chuid na bpórtha seo a leanas a úsáid: Muc Lanrásach na Beilge, an Mhuc Hampshire, an Mhuc Piétrain, an Mhuc Duroc agus Muc Bhallach na Polainne.

Cúis: Is iomchuí an leasú toisc go gcuirtear an toirmeasc ar úsáid na bpórtha sin in iúl sa liosta nua a tugadh isteach maidir le teaglamaí géiniteacha ceadaithe agus neamhcheadaithe agus sa tábla araon.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 6

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Sainmhínítear ‘fás’ sa leasú mar an chéim ar a dtugtar tuairisc sa tsonraíocht táirge atá ann faoi láthair mar an chéim de bheathú muc idir 30 kg agus 80 kg de bheomheáchan, agus sonraítear gurb é atá i gceist le fás an chéim tar éis an diúil agus an scoite.

Cúis: Is iomchuí an chéim ‘fás’ a shoiléiriú chun a thabhairt le fios gurb ann do chéim thábhachtach den mhodh táirgthe, ar lena linn a fhéadfar na muca a bheathú leis na hamhábhair uile a cheadaítear leis na rialacha atá i bhfeidhm chun a áirithiú go gcomhlíonfar a riachtanais chothaitheacha, leasa ainmhithe agus sláinte, agus i ndiaidh na céime sin tá an diúl agus scoitheadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 7

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, méadaítear an meáchan uasta ag deireadh na céime, ar a dtugtar ‘an chéim fáis’ anois, ó 80 kg go 85 kg.

Cúis: Tá an méadú sin nasctha le forbairtí sa ghéineolaíocht agus sa chothú, agus le cur i bhfeidhm caighdeán leasa ainmhithe (Treoir 2008/120/CE), a bhfuil feabhas ginearálaithe ar acmhainneacht fáis muc mar thoradh orthu.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 8

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Cumasctar leis an leasú na trí thábla sa tsonraíocht táirge a bhaineann leis na beathaí a cheadaítear le linn na chéad chéime (30-80 kg) agus le linn an dara céim (os cionn 80 kg) chomh maith leis na ceanglais bhreise a leagtar síos, lena gcomhcheanglaítear iad i 'dTábla na n-amhábhar ceadaithe', a tugadh isteach le haghaidh na céime fáis agus atá le húsáid freisin le haghaidh na céime méathaithe.

Leasaíodh ainmneacha na n-amhábhar seo a leanas, agus an ainmníocht dá bhforáiltear i rialacha an Aontais Eorpaigh a leagtar síos i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna thabhairt cothrom le dáta le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, á cur san áireamh:

— ní thagraítear do 'arbhar Indiach' san Iodáilis a thuilleadh mar '*mais*' ach ina ionad sin mar '*granturco*';

— tagraítear do 'seimilín' anois mar 'min';

— tagraítear do 'meidic na mbó dhíhiodráitithe' anois mar 'meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)';

— ní thagraítear do 'asbhrúchán rois' in Iodáilis a thuilleadh mar "*lino, expeller*' ach ina ionad sin mar "*panello di lino*', agus cuireadh na nithe seo a leanas leis: 'beatha asbhrúcháin rois', 'min rois', 'beatha mine rois';

— tagraítear do 'prabhait úll agus piorraí, craicne fíonchaor nó craicne trátaí mar iompróirí le haghaidh forlíonta cothaitheacha' anois mar 'laíon torthaí agus laíon trátaí (prabhait trátaí) mar iompróirí réamh-mheascáin';

— tagraítear do 'giosta bríbhéireachta agus/nó giosta torula' anois mar 'giostaí';

— tagraítear do 'min úsctha ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*mais*' san Iodáilis) anois mar 'min ginidín arbhair Indiaigh' (úsáidtear an focal '*granturco*' san Iodáilis);

— tagraítear do 'triosc tirim driogaireachta' anois mar 'ábhair intuaslagtha agus triosc tirim driogaireachta', agus sonraítear 'go dtuigtear gur táirgí iad a fhaightear agus alcól á tháirgeadh trí choipeadh agus maistreán gráin de ghránaigh agus/nó de stáirse agus de tháirgí eile ina bhfuil siúcra á dhriogadh';

— tagraítear do 'laíon biatais díhiodráitithe' anois mar 'biatas, laíon díhiodráitithe';

— tagraítear do 'min scadáin Atlantaigh' anois mar 'min éisc';

Baineadh na hamhábhair seo a leanas:

— 'carúb as a bhfuil na clocha bainte';

— 'líseáití próitéine';

— 'prátaí díhiodráitithe';

— 'casabhach';

— 'biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe';

— 'síolta lus na gréine, úsctha';

— 'próitéiní ainmhithe, i gcás ina gceadaítear sin le reachtaíocht an Chomhphobail'.

Scriosadh an tagairt shonrach do ‘coirce’.

Athraíodh cainníocht na n-amhábhar seo a leanas:

— ‘bláthach’ le haghaidh na céime fáis amháin (rud a athraíonn go 250 g ar a mhéad in aghaidh an chinn in aghaidh an lae d’ábhar tirim);

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ (ó suas le 5 % go dtí suas le 10 %);

— ‘arbhar Indiach’ (ó suas le 55 % go dtí suas le 65 %);

— ‘sorgum’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘eorna’ (ó suas le 40 % go dtí suas le 55 %);

— ‘cruithneacht’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘triteacál’ (ó suas le 25 % go dtí suas le 55 %);

— ‘laíon biatais díhiodráitithe’ (ó suas le 4 % go dtí suas le 10 %);

— ‘meidic na mbó, triomaithe ag teocht ard’ (ó suas le 2 % go dtí suas le 4 %).

Cuireadh na hamhábhair seo a leanas leis:

— ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘sadhlas arbhair Indiaigh’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘min arbhair Indiaigh lándéise’;

— ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘beatha asbhrúcháin rois, min rois, beatha mine rois’;

— ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’, le linn na céime méathaithe freisin;

— ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’;

— ‘pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’, le haghaidh na céime fáis amháin.

Roinneadh an t-amhábhar ‘piseanna agus/nó síolta glasraí léagúmacha eile’ ina dhá iontráil: ‘piseanna’ agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’, agus méadaíodh na cainníochtaí (‘piseanna’ suas le 25 % agus ‘síolta glasraí léagúmacha eile’ suas le 10 %).

Athraíodh ‘min úsctha soighe’ go dtí ‘táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh’, agus rinneadh an céatadán úsáide le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon a shocrú ag suas le 20 %.

Athraíodh ‘min lus na gréine’ go ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’, ar méadaíodh a n-úsáid go dtí suas le 10 %.

I Nóta 4 a ghabhann leis an tábla, leagtar síos cion uasta amhshaille nach mó ná 2,5 % den ábhar tirim i gcás táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe, síolta lus na gréine agus síol ráibe a úscadh.

Leasaíodh an tagairt do lamháltais ar amhábhair aonair i gcomhréir le hAirteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009, lena scriostar an tagairt don chéatadán 10 %.

Cuireadh isteach an rogha mar atá breiseáin a úsáid.

Tugadh isteach tagairt shonrach don fhéidearthacht an chiondáil bheatha a thabhairt i bhfoirm leachtach, ag úsáid uisce agus/nó meidhg agus/nó bláthach, nó i bhfoirm thirim.

Socraíodh an uasteorainn saille in ábhar tirim na haiste bia ag 5 % don dá chéim.

Baineadh na paraiméadair cheimiceacha maidir le garbhshnáithín, garbhphróitéin, luaith agus giosta, arna sloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim sa chiondáil bheatha.

Cúis: ‘Tábla na n-amhábhar ceadaithe’ cumaiscthe a chur isteach le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, agus na trí thábla níos luaithe a bhaint, an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos éasca le léamh agus le cur i bhfeidhm, agus faireachán a éascú.

Athraíodh ainmneacha na n-amhábhar freisin ionas go mbeidh siad i gcomhréir le forálacha Rialachán (AE) Uimh. 68/2013 ón gCoimisiún, arna leasú le Rialachán (AE) 2017/1017. An téarmaíocht a thabhairt cothrom le dáta chun léiriú níos soiléire a thabhairt ar an gcineál amhábhair dá dtagraítear.

Baineadh na hamhábhair ‘carúb as a bhfuil na clocha bainte’, ‘líseáit phróitéine’, ‘prátaí díhiodráitithe’, ‘casabhach’, ‘biatas, laíon fliuch brúite agus sadhlasaithe’, ‘min úsctha seasamain’, toisc gur ar éigean a úsáidtear na hamhábhair sin i mbeathú muc trom ar chúiseanna teicniúla nó cúiseanna a bhaineann le cáilíocht nó toisc go bhfuil sé deacair iad a fháil nó toisc go bhfuil luach íseal cothaitheach iontu.

Baineadh ‘próitéiní ainmhithe’ toisc nach n-úsáidtear iad a thuilleadh i bhfianaise na srianta rialála ar mhin feola a tugadh isteach le déanaí.

Scriosadh an tagairt do ‘coirce’ toisc go dtagann sí faoin gcatagóir ‘mionghránaigh’.

Méadaíodh an céatadán ag a bhféadfar ‘min glútain arbhair Indiaigh agus/nó beatha glútain arbhair’ a úsáid toisc gur amhábhar é a bhfuil cion ard próitéine ann, tá sé úsáideach san aiste bia (garbhphróitéin) agus tá sé thar a bheith indíleáite.

Méadaíodh an úsáid a bhaintear as ‘bláthach’ (le linn na céime fáis), ‘arbhar Indiach’, ‘sorgam’, ‘cruithneacht’, ‘triteacál’, ‘laíon biatais díhiodráitithe’, ‘meidic na mbó (triomaithe ag teocht ard)’ agus ‘táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh’ toisc go raibh na hamhábhair sin mar bhunús i gcónaí le haistí bia traidisiúnta muc trom agus chomh maith leis sin, i bhfianaise na bhfeabhsuithe atá déanta in earnáil na beatha le 10 mbliana anuas, toisc go gcuidíonn siad le hiontógáil snáithíní agus feidhmeanna ríthábhachtacha na muc a fheabhsú.

Tugadh isteach úsáid ‘lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu’ le haghaidh na gcéimeanna fáis agus méathaithe araon, ós rud é, leis an teorainn 5 % ar shaill san ábhar tirim san aiste bia agus an teorainn 2 % ar aigéad líonoiléach, go n-áirithítear, má úsáidtear blonag le linn na céime méathaithe, go bhfuil leibhéal leordhóthanach cumhdaigh saille ag na muca.

Cuireadh isteach ‘Pónairí soighe iomlána tóstáilte agus/nó asbhrúchán soighe’ toisc, le linn na céime fáis, go soláthraíonn sé fuinneamh atá fíor-riachtanach chun riachtanais fuinnimh na muc a chomhlíonadh.

Úsáidtear ‘min arbhair Indiaigh lándéise’, atá fíorlán le snáithín, mar mhalairt ar bhran chun snáithín a thabhairt do na hainmhithe.

Áirithítear leis an méadú ar chéatadán na ‘piseanna’ go bhfuil leibhéal bhrat na saille ar an muca leordhóthanach agus, murab ionann agus glasraí léagúmacha, go bhfuil tiúchan íseal tosca frithchothaitheacha iontu.

Cuireadh ‘beatha asbhrúcháin rois’, ‘min rois’ agus ‘beatha mine rois’ isteach toisc gur amhábhair iad atá cosúil le ‘asbhrúchán rois’, a coinníodh sa tsonraíocht táirge, agus a áirítear i Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Tá ‘sadhlas arbhair Indiaigh’ agus ‘triosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha’, a bhfuil an dara ceann lán le vitimín B, curtha isteach anois le haghaidh na céime méathaithe freisin, agus is amhábhair idéalacha iad lena n-áirithítear leibhéal leordhóthanach brait saille sna muca agus, mar gheall ar a gcion ard snáithín, déanann muca fásta iad a dhíleá i bhfad níos fearr ná muca óga.

Maidir le ‘táirgí a fhaightear le linn síol ráibe a úscadh’, tugadh ‘síol ráibe’ isteach i liosta na n-amhábhar as an nua toisc gur féidir cineálacha nua a roghnú atá saor ó ghlúcóisínealáit agus ó aigéad éarúcach (tosca frithchothaitheacha) a bhuí leis an dul chun cinn sa ghéineolaíocht; cuireadh foclaíocht ar an iontráil chun an struchtúr a úsáidtear le haghaidh táirgí soighe agus lus na gréine a mheaitseáil.

Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. ‘min síolta ráibe’ i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, ‘min síolta ráibe’ agus ‘beatha mine síolta ráibe’, in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017 ón gCoimisiún. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta ráibe a úscadh. Ní féidir na hábhair bheatha ar fad a liostú agus d’fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás ina tugtar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún cothrom le dáta. Leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann le tábla na n-amhábhar ceadaithe chun brat saille iomchuí a áirithiú.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh', rinneadh an céatadán a shocrú ag 20 % le linn na céime fáis agus na céime méathaithe araon, chun a áirithiú go bhfuil brat saille na muca oiriúnach chun Salame Cremona a tháirgeadh. Ós rud é gur príomh-shaintréith é cion amhshaille an amhábhair, leagadh síos cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim agus áirítear é sna nótaí a chuirtear isteach tar éis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min (pónaire) soighe', i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, 'min (pónaire) soighe' agus 'beatha mine (pónaire) soighe', i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Liostaítear i Rialachán (AE) 2017/1017 roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn pónairí soighe a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Maidir le 'táirgí a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh', atá socraithe anois ag 10 %: tá cion amhshaille an amhábhair tábhachtach chun a áirithiú go bhfuil brat na saille iomchuí ag na muca atá oiriúnach do tháirgeadh Salame Cremona; dá bhrí sin, áiríodh cion uasta amhshaille 2,5 % den ábhar tirim sna nótaí a ghabhann leis an tábla. Cumhdaíodh na táirgí roimhe seo le hiontráil aonair, e.g. 'min síolta lus na gréine' i Rialachán (AE) Uimh. 575/2011, agus ansin roinneadh ina dhá iontráil iad, 'min síolta lus na gréine' agus 'beatha mine síolta lus na gréine', in 2013 i Rialachán (AE) Uimh. 68/2013, arna leasú le Rialachán (AE) 1017/2017. Le Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún, liostaítear roinnt mhaith táirgí éagsúla a fhaightear le linn síolta lus na gréine a úscadh. Ní féidir iad ar fad a liostú agus d'fhéadfadh athrú teacht orthu i gcás nuashonruithe/leasuithe ar Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Leis an tagairt do na lamháltais ar amhábhair aonair, is féidir teacht i gcomhréir leis an reachtaíocht bheatha atá i bhfeidhm, is é sin Airteagal 17(2)(b) de Rialachán (CE) Uimh. 767/2009.

Leis an tagairt do na bealaí inar féidir an chiondáil bheatha a thabhairt, is féidir leis an bhfeirmeoir an modh atá le húsáid a roghnú.

Is féidir le húsáid breiseán cabhrú le díleá agus ionsú cothaitheach.

Soiléiríodh an sainmhíniú ar 'thriosc tirim driogaireachta agus ábhair intuaslagtha' trí úsáid a bhaint as an bhfoclaíocht i bpointe 1.12.9 de Rialachán (AE) 2017/1017 ón gCoimisiún.

Áirithítear leis an uasteorainn saille (5 %), in éineacht le teorainn an aigéid líonoiléaigh, leibhéal optamach cumhdaigh saille le haghaidh na muc a úsáidtear chun Salame Cremona a tháirgeadh; tá an dá chritéar sin fíor-riachtanach, toisc gur méadaíodh amhábhair a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinsí saillte a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith acu ar cháilíocht bhrat na saille ar na muca (arbhar Indiach) nó gur tugadh isteach iad (lipidí a bhfuil leáphointe os cionn 36 °C acu).

Is iomchuí na paraiméadair cheimiceacha le haghaidh garbhshnáithín, garbhphróitéine, luatha agus giosta, arna sloinneadh mar chéatadán den ábhar tirim sa chiondáil bheatha, a bhaint toisc go n-áirithítear leis na hathruithe ar liosta agus ar chainníochtaí na n-amhábhar, mar aon leis na paraiméadair shonracha a tugadh isteach, go bhfuil na ciondálacha beatha oiriúnach do mhuca atá beartaithe do tháirgeadh Salame Cremona.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 9

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, sna rialacha maidir le muca a bheathú a bhaineann leis an dara céim, ar a dtugtar an chéim 'mhéathaithe' anois, cuirtear isteach tagairt do 'Tábla na n-amhábhar ceadaithe' a tugadh isteach don chéim fáis, agus tá sonraíochtaí áirithe ann atá riachtanach don chéim mhéathaithe.

Cúis: Leis an leasú, soláthraítear léargas soiléir ar an mbeatha a cheadaítear le linn na céime méathaithe freisin.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 10

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an uasteorainn aoise 15 mhí le haghaidh muca tráth a maraithe.

Cúis: Is iomchuí an teorainn aoise sin a bhaint toisc go gciallaíonn an measúnú nua ar mheáchan conablaigh aonair, agus ar na modhanna tógála a úsáidtear, nach gá teorainn den sórt sin a bheith sa tsonraíocht táirge a thuilleadh.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 11

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear meáchan gach conablaigh muice troime aonair idir 110,1 kg agus 180,0 kg in ionad an chritéir maidir leis an meán-bheomheáchan in aghaidh na baisce de 160 kg ± 10 % agus sonraítear nach mór é sin a áirithiú tráth an mharaithe.

Cúis: Trí fáil réidh leis an mbeomheáchan agus an critéar maidir le meáchan conablaigh aonair a chuimsiú, is féidir seiceáil níos beaichte a dhéanamh ar na ceanglais incháilitheachta maidir le gach muc a mharaítear, toisc gur modh níos trédhearcaí, níos cruinne, níos spriocdhírithe agus níos fearr go ginearálta é. Tá an méadú ar mheáchan muc nasctha leis an treocht atá ann faoi láthair i bhfeirmeoireacht muc na hEorpa mar thoradh ar ghéineolaíocht, ar leas ainmhithe agus ar chothú feabhsaithe.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 12

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis na hábhair a fhianóidh feirmeoirí i ndáil le muca a aistrítear idir tréada nó a sheachadtar chuig seamlais.

Cúis: Is gá an fhoráil sin a bhaint toisc go mbaineann sí leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 13

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear tagairt do reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm in ionad na dtagairtí do Rialachán (CEE) Uimh. 3220/84, do Chinneadh 2001/468/CE ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2001 agus d'Fhorógra ón Aire an 11 Iúil 2002.

Cúis: Baineann na tagairtí a baineadh le reachtaíocht nach bhfuil i bhfeidhm a thuilleadh, rud a chiallaíonn go bhfuil gá leis an leasú agus gur féidir teacht i gcomhréir le forálacha reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm maidir le haicmiú conablach muc.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 14

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge agus le pointe 3.3 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, cuirtear tagairt d'aicmí 'U', 'R' agus 'O' den scála le haghaidh aicmiú tráchtála conablach muc arna bhunú le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm in ionad na bhfocal 'a thagann ar an meán laistigh de na haicmí lárnacha'.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun a shonrú ar bhealach níos cruinne, ar mhaithe le hoibreoirí agus leis an gcóras rialúcháin, na haicmí nach mór baint a bheith ag conablaigh leo má tá siad chun an t-amhábhar le haghaidh TGFC Salame Cremona a sholáthar.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 15

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Cuirtear isteach leis an leasú foráil faoina gcaithfear sonraí meáchain agus aicmithe maidir le conablaigh aonair a thaifeadadh tráth an mharaithe.

Cúis: Soiléirítear go beacht leis an leasú an tráth nach mór meáchan agus aicmiú a thaifeadadh ionas go n-éascófar na seiceálacha gaolmhara.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 16

Baineann an leasú le hAirteagal 5.1 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú baintear an fhoráil a bhaineann leis na hábhair a bhfuil marfóirí ainmhithe freagrach astu agus fianú comhréireachta gach baisce amhábhair.

Cúis: Is gá an fhoráil sin a bhaint toisc go mbaineann sí leis an gcóras rialúcháin.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 5

Cur síos

Leasú 17

Baineann an leasú le hAirteagal 5.6 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear na focail ‘dá dtagraítear in Airteagal 7’.

Cúis: Tá gá leis an leasú toisc go bhfuil foráil dhifriúil in Airteagal 7 den tsonraíocht táirge nua.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 7

Cur síos

Leasú 18

Baineann an leasú le hAirteagal 7 den tsonraíocht agus le pointe 4.7 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Leis an leasú, baintear an fhoráil maidir leis an gcomhlacht rialúcháin.

Cúis: Tá gá leis an nuashonrú sin chun an tsonraíocht táirge a thabhairt i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh atá i bhfeidhm.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Cur síos

Leasú 19

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht táirge; níl leasú ar an doiciméad aonair i gceist leis.

Tuairisc: Leis an leasú, athuimhrítear Airteagal 8 mar Airteagal 7.

Cúis: Tá gá leis an leasú i bhfianaise struchtúr airteagail nua na sonraíochta táirge.

☐ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

Teideal

Leasú ar Airteagal 8

Cur síos

Leasú 20

Baineann an leasú le hAirteagal 8 den tsonraíocht agus le pointe 3.6 den doiciméad aonair.

Tuairisc: Cuirtear ‘siombail TGFC an Aontais Eorpaigh’ in ionad na bhfocal ‘Siombail an Chomhphobail dá dtagraítear in Airteagal 1 de Rialachán (CE) Uimh. 1726/98 ón gCoimisiún’.

Cúis: Tá gá leis an leasú chun an tsonraíocht táirge a dhéanamh níos soiléire, ós rud é nach bhfuil Rialachán (CE) Uimh. 1726/98 ón gCoimisiún i bhfeidhm a thuilleadh.

☑ Déanann an leasú difear don doiciméad aonair.

DOICIMÉAD AONAIR

Ainmniúcháin tionscnaimh agus tásca geografacha i ndáil le táirgí talmhaíochta

'Salame Cremona'

Uimhir thagartha AE: PGI-IT-0265-AM01 - 15.9.2025

1. **Ainm (nó ainmneacha)**

'Salame Cremona'

2. **Cineál an táisc gheografaigh**

☐ ATFC

☑ TGFC

☐ TG

3. **Tír ar léi an limistéar geografach sainithe**

An Iodáil

4. **Tuairisc ar an táirge talmhaíochta**

4.1. *Aicmiú an táirge talmhaíochta i gcomhréir le ceannteideal agus cód na hAinmníochta Comhcheangailte, dá dtagraítear in Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/1143*

16 - ULLMHÓIDÍ Ó FHEOIL, Ó ÉISC, Ó CHRÚSTAIGH, Ó MHOILISC NÓ Ó INVEIRTEABRAIGH UISCE EILE, NÓ Ó FHEITHIDÍ

4.2. *Tuairisc ar an táirge talmhaíochta lena mbaineann an t-ainm cláraithe*

Is táirge ispín leasaithe agus aibithe neamhchócaráilte é 'Salame Cremona', a bhfuil na saintréithe seo a leanas aige nuair a scaoiltear lena thomhailt é:

Saintréithe fisici-moirfeolaíocha:

— meáchan nach lú ná 500 g tar éis a aibithe

— trastomhas nach lú ná 65 mm nuair a ullmhaítear é

— fad nach lú ná 150 mm nuair a ullmhaítear é.

Saintréithe ceimiceacha agus fisiciceimiceacha:

— iomlán na próitéine: íoschion 20,0 %

— cóimheas collaigine/próitéine: uaschion 0,10

— cóimheas uisce/próitéine: uaschion 2,00

— cóimheas saille/próitéine: uaschion 2,00

— pH: 5,20 nó níos airde.

Saintréithe micribhitheolaíocha:

— iomlán na n-aonad coilíneachta méisifileach: > 1×10^7 in aghaidh an ghraim, le leitheadúlacht baictéir aigéad lachtaigh agus cocais.

Tréithe orgánaileipteacha:

— cuma: sorcóireach, ag a bhfuil gnéithe neamhrialta;

— raimhre: ba cheart an táirge a bheith dlúth agus bog;

— cuma ar shliseadh: bíonn slisní dlúth agus aonchineálach, le gnáthcheangal de phíosaí matáin agus saille, nach bhfuil a n-imill le feiceáil go soiléir (ar a dtugtar cuma ‘smelmato’). Níl aon loingeán le feiceáil ann;

— dath: dath dúdhearg;

— boladh: gnáthchumhrán spíosrach.

4.3. *Maoluithe ar fhoinsiú beatha (i gcás táirgí de thionscnamh ainmhíoch arna n-ainmniú le hAinmniúchán Tionscnaimh faoi Chosaint agus sa chás sin amháin) agus srianta ar fhoinsiú amhábhar (i gcás táirgí próiseáilte arna n-ainmniú le Tásc Geografach faoi Chosaint agus sa chás sin amháin)*

-

4.4. *Céimeanna sonracha táirgthe nach mór a dhéanamh sa limistéar geografach sainithe*

Ní mór do tháirgeoirí ar mian leo TGFC ‘Salame Cremona’ a tháirgeadh cloí leis an tsonraíocht táirge a taisceadh leis an Aontas Eorpach ar gach bealach. Tarlaíonn gach céim de tháirgeadh, de shailleadh, de mheascadh na gcomhábhar, de líonadh isteach i gcásálacha, de cheangal, de thriomú agus d’aibiú Salame Cremona sa limistéar a shonraítear i bpointe 4.

4.5. *Rialacha sonracha maidir le pacáistiú, sliseadh, grátáil etc. an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór pacáistiú agus slisniú a dhéanamh, faoi mhaoirseacht an chomhlachta rialúcháin, go heisiach sa limistéar táirgeachta a shonraítear i bpointe 4, chun seiceálacha a cheadú agus inrianaitheacht a áirithiú agus chun gnéithe cáilíochta an táirge a chaomhnú.

Dá ndéanfaí an táirge a phacáistiú lasmuigh den limistéar geografach a shonraítear sa tsonraíocht táirge, bheadh sé dodhéanta rialuithe leanúnacha a ráthú ar na táirgeoirí uile, rud a d’fhágfadh go mbeadh lúba tromchúiseacha ar lár sa chóras deimhniúcháin TGFC. Le lúba ar lár den sórt sin, ní fhéadfaí a ráthú a thuilleadh go raibh an t-ainm á úsáid i gceart, rud nach rachadh chun leasa na dtáirgeoirí ná an tomhaltóra. Is é sin le rá, mura n-áiritheofaí go raibh oibríochtaí pacáistíochta faoi réir rialuithe, chuirfí deireadh go díreach le dhá bhuneilimint eile: leibhéal comhsheasmhach cáilíochta a ráthú, a sheiceáiltear le linn gach oibríochta rialaithe, agus an ráthaíocht tionscnaimh, is é sin inrianaitheacht fhoirfe a áirithiú le linn gach céime den phróiseáil, lena n-áirítear pacáistiú.

Ina theannta sin, dá n-údarófaí pacáistíocht lasmuigh den limistéar geografach traidisiúnta chuirfí cáilíocht ‘Salame Cremona’ i mbaol freisin, ós rud é go n-iomprófaí an táirge faoi dhálaí teochtrialaithe agus slisnithe ‘ag baint ó thaobh ama agus spáis de’, rud a dhéanfadh difear do thréithe orgánaileipteacha an ispín.

4.6. *Rialacha sonracha maidir le lipéadú an táirge talmhaíochta dá dtagraíonn an t-ainm cláraithe*

Ní mór na focail ‘Salame Cremona’, agus na focail ‘Indicazione Geografica Protetta’ agus/nó ‘IGP’ (TGFC) a bheith ar an lipéad, ar focail iad atá scríofa i litreacha soiléire doscriosta agus atá níos mó ná litreacha aon fhocail eile ar an lipéad. Ní mór an dara téarma sin a aistriú go teanga na tíre ina gcuirtear an táirge ar an margadh.

Toirmisctear aon tuairisc eile nach bhforáiltear go sainráite ina leith a chur isteach. Mar sin féin, ceadaítear tagairtí d’ainm duine nó cuideachta, nó marc príobháideach, ar choinníoll nach moladh an táirge iad agus nach gcuirtear an tomhaltóir amú leo. Ní mór siombail TGFC an Aontais Eorpaigh a bheith ar an lipéad freisin.

4.7. *Sainmhíniú achomair ar an limistéar geografach*

Cuimsíonn an limistéar ina monaraítear ‘Salame Cremona’ na réigiúin seo a leanas: An Lombaird, Emilia Romagna, Píodmant agus Veneto.

5. **Nasc leis an limistéar geografach**

Tá an nasc cúisíoch leis an tionscnamh geografach bunaithe ar

☑ clú

☐ cáilíocht áirithe

☐ saintréithe eile

Achoimre ar an nasc

Is táirge aitheanta é 'Salame Cremona' a bhfuil clú seanbhunaithe air, mar is léir ón gcaoi a bhfuil sé i láthair go traidisiúnta ag aontaí talmhaíochta agus bia i ngleann Po, agus óna dháileadh leathan ar na margaí móra náisiúnta agus idirnáisiúnta, rud a thugann údar leis an iarratas é a aithint mar thásc geografach faoi chosaint. Deimhnítear an méid sin nuair a bhíonn 'Salame Cremona' le feiceáil ar liostaí de phríomhtháirgí agraibhia na hIodáile a bhfuil ainmniúchán tionscnaimh acu, in iarscríbhinní maidir le hainmniúcháin gheografacha tionscnaimh a chosaint do chomhaontuithe déthaobhacha idir an Iodáil agus tíortha Eorpacha eile (an Ghearmáin, an Fhrainc, an Ostair, an Spáinn) ó na 1950idí go dtí na 1970idí.

Tá dlúthcheangal idir táirgeadh salami agus ionaid phórúcháin muc áitiúla, a théann siar go dtí ré na Rómhánach. Tá dlúthbhaint ag 'Salame Cremona' lena thimpeallacht freisin, mar thoradh ar an méadú atá tagtha ar phórú muc taobh le cáiseoireacht agus fás arbhair Indiaigh i limistéar Cremona ar dtús agus ansin ar fud mhachaire abhann Po ina iomláine.

Mar gheall ar an tsineirge den scoth idir modhanna táirgthe traidisiúnta agus an limistéar atá i gceist, arb é is príomhthréith dó aeráid atá tugtha do cheo agus nach bhfuil róghaofar, tugtar boige, míne agus dea-bholadh spíosrach do 'Salame Cremona' — atá uathúil agus dá bhrí sin sainiúil.

Tá ithreacha sa limistéar táirgeachta, ar comhartha sóirt de réigiúin ghláracha iad agus úsáideadh é chun muca a thógáil leis na céadta blianta, ar fheirmeacha teaghlaigh ar dtús agus ansin ar scála atá ag éirí níos tráchtála. Tá an limistéar táirgeachta comhdhéanta den tuath an-aonfhoirmeach sa chuid seo de mhachaire Po: go hiomlán cothrom, a bhfuil aibhneacha agus canálacha trasna orthu agus atá marcáilte le táirgí bairr, go háirithe féarthalamh agus arbhar Indiach. Ar fud an limistéir táirgeachta, bíonn na fómhair agus na geimhrí measartha crua, agus bíonn siad an-fhliuch agus ceomhar, agus bíonn na hearraigh séimh agus fliuch agus sa samhradh bíonn teochtaí sách ard agus tréimhsí báistí gearra, agus go minic trom, ann.

Mar sin féin, níor leor an méid sin go léir chun an cháilíocht shainiúil is gá le haghaidh 'Salame Cremona' a tháirgeadh gan an ghné dhaonna: le himeacht ama, tá teicnící an-sonrach maidir le salámaí a ullmhú agus a aibiú tugtha chun foirfeachta sa limistéar táirgeachta.

Fiú sa lá atá inniu ann, táirgtear 'Salame Cremona' de réir próisis lena n-urramaítear an traidisiún go hiomlán, agus teicneolaíocht táirgthe nua á cur i bhfeidhm an tráth céanna.

Sa lá atá inniu ann, tá an ghné chomhshaoil (an aeráid) agus an ghné dhaonna (an acmhainn theicniúil an-speisialaithe atá ag grúpaí éagsúla oibrithe oilte a tháirgeann 'Salame Cremona'), fós bunúsach agus ní féidir a comhshamhail a sholáthar maidir le sainiúlacht agus cáil an táirge.

Téann na príomhthaifid stairiúla, ina luaitear go soiléir agus go beacht tionscnamh an táirge agus an nasc atá aige leis an réigiún, siar go dtí 1231 agus caomhnaítear iad i gcartlann oifigiúil Cremona. Deimhníonn siad gurb ann do thrádáil muc agus táirgí feola idir réigiún Cremona agus tíortha comharsanacha. Tá fianaise dhobhréagnaithe ag doiciméid ó thráth na hAthbheochana a áirítear sa 'Litterarum' agus sa 'Fragmentorum' maidir le 'ispín' a bheith sa limistéar táirgeachta a shainaithnítear sa tsonraíocht táirge, ach thar aon ní eile maidir leis an tábhacht a bhaineann leis. Luaitear i gcuntais ar chuairt an easpaig Cesare Speciano (1599-1606) ar chlochair sa réigiún gur ghnách méid áirithe ispíní a dháileadh ar 'laethanta nuair a itheadh feoil'.

Fós sa lá atá inniu ann, tá ról 'Salame Cremona' ag éirí níos tábhachtaí sna príomhaontaí agraibhia sa Lombaird agus i ngleann Po. Tagraíonn foinsí socheacnamaíocha do roinnt táirgeoirí a bheith ann arb í an phróiseáil muiceola an speisialtóireacht atá acu, ar táirgeoirí iad a lonnaigh ar fud mhachaire Po toisc go gcomhlánaíonn an ghníomhaíocht sin tionscal na déiríochta agus na cáise agus táirgeadh gránach (arbhar Indiach den chuid is mó).

Tagairt leictreonach (url) d'fhoilsiú na sonraíochta táirge

https://www.masaf.gov.it/flex/cm/pages/ServeAttachment.php/L/IT/D/1%252Fa%252F8%252FD.968cd3c5f5a5a672d727/P/BLOB%3AID%3D18907/E/pdf?mode=download